**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo

**Déardaoin, 17 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Ní mór duit DHÁ cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn I (An Ealaín in Éirinn)
- Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1,000 AD – An Lá Inniu)
- Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is sampla de struchtúr Réamh-Chríostaí Éireannach é an séadchomhartha ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an séadchomhartha seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar struchtúr agus tógáil an tséadchomhartha seo.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar an maisiúchán atá ar phríomhghné **amháin** den séadchomhartha seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla de shaothar miotalóireachta Éireannach ón Iarannaois í **Coróin Petrie**, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar conas a rinneadh agus a maisíodh í.
(c) Ainmnigh déantúsán **amháin** eile ón ré sin, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Is sampla de shaothar miotalóireachta Éireannach ó ré na Críostaíochta í **Cailís Ardach**.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar conas a rinneadh agus a maisíodh í.
(c) Ainmnigh píosa miotalóireachta **amháin** eile ón ré sin, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Roghnaigh ceann **amháin** de na foirgnimh seo a leanas agus freagair (a), (b), agus (c):
- Teach Bhaile an Chaisleáin
- An Casino i Marino.

(a) Ainmnigh ailtire/ailtirí an fhoirgnimh a roghnaigh tú.
(b) Déan cur síos agus plé ar struchtúr an fhoirgnimh a roghnaigh tú.
(c) Déan cur síos agus plé ar ghné mhaisiúil **amháin** den fhoirgneamh a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá '**Snámh na Life**' le Jack B. Yeats (1871-1957) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna) agus solas.

(b) Déan cur síos agus plé ar theicnící péintéireachta Jack B. Yeats.
(c) Ainmnigh pictiúr fíorach **amháin** eile le healaíontóir Éireannach, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá '**Banríon na nGiorriacha**' le Fidelma Massey (r.1956) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar dealbhóireachta seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh agus méid
- foirm/cruth.

(b) Déan cur síos agus plé ar láimhseáil na fíorach agus na n-ainmhithe sa saothar seo.
(c) Ainmnigh saothar dealbhóireachta poiblí Éireannach **amháin** eile, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- James Arthur O'Connor (1792-1841)
- Walter Osborne (1859-1903)
- Nano Reid (1900-1981)
- Oisín Kelly (1915-1981)
- Edward Delaney (1930-2009)
- Rowan Gillespie (r.1953)
- Alice Maher (r.1956).

Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- teicnící agus úsáid na mbunábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais faoi shaol agus saothar/gairmréim an ealaíontóra a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar shaothar dealbhóireachta atá suite in eaglais nó ardeaglais Ghotach ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- feidhm
- ábhar
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar na príomhghnéithe ailtireachta a ghabhann le heaglais nó ardeaglais Ghotach.

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá '**An tAirgead Cánach**' le Masaccio (1401-1428) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus peirspictíocht
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le healaíontóir eile a bhain leis an Luath-Renaissance, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar.

*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá '**An Suipéar Deireanach**' le Leonardo da Vinci (1452-1519) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus peirspictíocht
- bunábhair agus teicnící.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Leonardo da Vinci, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**11.** Tá '**Bean Uasal ag Scríobh Litreach, agus Banseirbhíseach**' le Johannes Vermeer (1632-1675) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna) agus solas
- bunábhair agus teicnící.

(b) Ainmnigh pictiúr **amháin** eile le Johannes Vermeer, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**12.** Tá '**Damhsa ag Le Moulin de la Galette**' le Pierre-Auguste Renoir (1841-1919) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna) agus solas
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an Impriseanachas.
*Léirigh do fhreagra*.

**13.** B'ealaíontóir den stíl Osréalach é Salvador Dalí (1904-1989).
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe le Salvador Dalí faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- úsáid dath(anna).

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an Osréalachas.
*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
- '**Portráid Arnolfini**' le Jan van Eyck (c.1390-1441)
- '**Tógáil Chríost**' le Caravaggio (1571-1610)
- '**Faire na hOíche**' by Rembrandt van Rijn (1606-1669)
- '**Seomra Leapan Van Gogh in Arles**' le Vincent van Gogh (1853-1890)
- '**Portráid de Madame Matisse. An Líne Ghlas, 1905**' le Henri Matisse (1869-1954).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- teicnící agus úsáid dath(anna)/an tsolais.

(b) Tabhair roinnt eolais faoi shaol agus saothar/gairmréim an ealaíontóra a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra*.

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar fhógra ar líne/ar fhógra teilifíse a bhí éifeachtach ó thaobh amhairc de, dar leat. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- an smaoineamh a úsáideadh chun an táirge nó an tseirbhís a chur chun cinn
- an spriocmhargadh
- na teicnící amhairc a úsáideadh.

(b) Mol dearadh i gcomhair fógra ar líne/fógra teilifíse chun an fholláine a chur chun cinn. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air, ar líne nó tú féin i bpearsa. Déan cur síos agus plé ar conas a cuireadh ar taispeáint **dhá** dhéantúsán ar chuir tú spéis iontu. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- leagan amach
- soilsiú
- eolas a bhí ar fáil don bhreathnóir/chuairteoir.

(b) Mol **dhá** bhealach a bhféadfaí gailearaithe ealaíne, músaeim nó ionaid léirmhíniúcháin a dhéanamh níos tarraingtí do pháistí.
Tabhair fáthanna le do mholtaí.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar fheisteas carachtair ainmnithe **amháin** as léiriú amharclainne ainmnithe atá feicthe agat ar líne nó tú féin i bpearsa. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- éifeacht ó thaobh amhairc de
- dath(anna) agus uigeacht
- oiriúnacht an dearaidh.

(b) Mol do chuid smaointe féin le haghaidh dearadh feistis i gcomhair carachtar ainmnithe as úrscéal ainmnithe atá léite agat.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra*.

**18.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar ceirmeach ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- feidhm
- foirm/cruth
- dath(anna) agus maisiúchán.

(b) Mol dearadh le haghaidh babhla mór torthaí bunaithe ar an téama ainmhithe.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dearadh gairdín ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- feidhm
- úsáid dath(anna)
- éifeacht ó thaobh amhairc de.

(b) Mol dearadh i gcomhair limistéar súgartha lasmuigh, ina bhfuil scáthlán a bheadh oiriúnach le haghaidh bunscoile.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dearadh póstaeir ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- íomhánna
- dath(anna) agus litreoireacht.

(b) Mol dearadh le haghaidh póstaeir chun do chlub rothaíochta áitiúil a chur chun cinn.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar shuaitheantas a bhfuil cur amach agat air, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- feidhm
- leagan amach agus litreoireacht
- dath(anna) agus íomhánna.

(b) Mol dearadh i gcomhair suaitheantais le haghaidh club óige i do chomharsanacht féin.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo